Issue 1 Autumn 2008

Teachtaireacht ón Aire

Fáiltím roimh an deis seo teagmháil a dhéanamh libh trí Cheannlínte.

Ó ceapadh mar Aire Oideachais mé, bíonn deiseanna agam cuairt a thabhairt ar roinnt mhaith scoileanna agus casadh le príomhoidí, le múinteoirí agus le baill foirne eile.

Tuigim go maith cé chomh tábhachtach agus atá ról s'agaibhse i dtaca leis an oideachas is fearr agus is féidir a sholáthar dár gcuid páistí agus dár n-aos óg. Tá moladh mór tuillte agaibh de bharr na hoibre maithe atá déanta agaibh. I dtaca liom féin de, déanfaidh mé gach rud is féidir liom lena chinntiú go mbeidh go leor acmhainní cuí agaibh leis an tseirbhís sin a sholáthar.

Mar a léifidh tú níos moille san fhoilseachán seo, is iomaí athrú atá á chur i bhfeidhm san earnáil oideachais. Is é an t-athrú is mó a bhfuil aird an phobail dírithe air ná moltaí s'agamsa i dtaca le socruithe úra le haghaidh mic léinn a aistriú ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna.

Is iomaí ráiteas gan údar maith a rinneadh faoi mholtaí s'agamsa agus fáiltím roimh an deis seo lena chinntiú daoibh go ndéanfar machnamh roimh ré ar gach athrú atá beartaithe do na blianta amach romhainn agus déanfar iad a bhainistiú go héifeachtach.

Ó rinne mé mo ráiteas tosaigh i mí na Nollag, chas mé leis na príomh-rannpháirtithe uile lena gcuid tuairimí a chloisteáil. Is iomaí cruinniú eile a tionóladh ó shin i leith idir na rannpháirtithe sin agus oifigigh shinsearacha s'agamsa agus muid ag obair le comhdhearcadh úr a chruthú. Tá níos mó sonraí faoi sin le fáil in Ceannlínte.

Tá neart scoil den chéad scoth againn atá ag soláthar ardchaighdeáin oideachais dár bpáistí óga agus dár n-aos óg.

Deimhníonn torthaí Ardleibhéil agus GCSE na bliana seo an méid sin. Mar sin féin, ar an drochuair, is iomaí duine óg a fhágann an scoil agus ní bhíonn mórán scileanna litearthachta agus uimhearthachta acu. Ceann de na tosaíochtaí atá agam ná an bhearna idir an dá ghrúpa sin a dhruidim. Mar cheannairí, tá ról ríthábhachtach le himirt agaibh chun an méid sin a bhaint amach agus, le chéile, creidim go dtig linn fíordhifear a dhéanamh.

Caitríona Ruane
An tAire Oideachais

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Department of Education
Rathgael House, 43 Balloo Road, Bangor BT9 7PR
www.deni.gov.uk

SAOL ATÁ AG ATHRÚ

Tá an iomad athrú ann ag tús na bliana nua acadúla dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an oideachas, agus ní hé an t-athrú is lú acu sin an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna. D'éirigh Marion Matchett as an eagraíocht ar 31 Lúnasa 2008 i ndiaidh seacht mbliana mar Phríomhchigire.

Le linn a tréimhse in oifig rinne Marion an iomad athrú ar an Chigireacht agus chuir sí go mór le forbairt na cigireachta, anseo agus thar sáile araon. Agus í ag machnamh ar a heispéiris, arsa Marion: "Ba mhór agus ba ró-mhór an phribhléid a bheith i gceannas na Cigireachta le linn tréimhse athraithe agus a bheith mar chuid d'eagraíocht a bhfuil caighdeáin chomh hard sin aici i dtaca le cleachtas gairmiúil de. Ach ba é an phribhléid a ba mhó, b'fhéidir, an deis oibriú in éineacht leo siúd sa chóras ar ífhollasach a dtiomantas d'fhoghlaimeoirí i ngach a ndeir siad agus a ndéanann siad."

Ag teacht i gcomharbas ar Marion tá Stanley Goudie, an Príomhchigire Cúnta, atá ina bhall den Chigireacht le 20 bliain anuas agus a raibh páirt mhór aige i bhforbairt chorparáideach na heagraíochta. Arsa Stanley: "Tá lúcháir as cuimse orm gur ceapadh mé agus tá mé ag súil go mór leis na dúshláin atá romham. Ba mhaith liom tógáil ar oidhreacht Marion ionas go leanfaidh an Chigireacht d'oibriú le feabhsú a chur chun cinn le leas foghlaimeoirí agus le cur a thuilleadh leis na córais oideachais agus oiliúna i dTuaisceart Éireann."

Fáilte ón Ard-Rúnaí

Is maith liom fáilte a chur romhaibh chuig an chéad eagrán de Headlines.

Tá sé ar intinn againn eagrán a fhoilsiú go rialta leis an nuacht is deireanaí a thabhairt daoibh ar na buncheisteanna beartais atá á bhforbairt ag an Aire agus an Roinn. Beidh Headlines ina áis breise, seachas ina áis ionadaíoch, taobh leis na cainéil bhunaithe cumarsáide idir an Roinn agus an scoil s'agaibh.

Le míonna beaga anuas, seoladh roinnt eochair-bheartas le haghaidh comhairliúcháin. Orthu seo, bhí Beartas um Fheabhsúchán Scoile, Straitéis um Litearthacht agus Uimhearthacht agus moltaí ar fhorbairt Pleanála Bunaithe sa Cheantar. Beidh tionchar ag na heochair-bheartais seo ar fad ar an obair laethúil a dhéanann sibh agus tá sé tábhachtach go gcuireann sibh bhur dtuairimí in iúl dúinn. Foilsíodh an Beartas um Scoileanna Inbhuanaithe fosta.

Tá forbairt á déanamh ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha go fóill agus tá dul chun cinn á dhéanamh againn ar bhunú an Údaráis um Oideachas agus Scileanna, rud a thabharfas coigilteas i riar an oideachais a bheas chun leas na scoileanna.

Will Haire
An tArd-Rúnaí

Ionchur C&AT do Cheannlínte Cur i bhfeidhm an Churaclaim Athbhreithnithe

Aithníonn an tAire Oideachais, Caitríona Ruane, an Roinn Oideachais agus an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) an obair chrua atá á déanamh i scoileanna leis an churaclam athbhreithnithe a leabú. Ar mhaithe le leas ár ndaoine óga uile, táimid cinnte dearfa de go gcaithfimid an móiminteam a choinneáil ag gabháil i dtaca le cur i bhfeidhm an churaclaim. Caithfimid an tsolúbthacht bhreise a ofrálann an curaclam athbhreithnithe a uasmhéadú le fócas soiléir a choinneáil ar na caighdeáin litearthachta agus uimhríochta a ardú agus le gach duine óg a chumasú lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

Scríobh an Roinn agus COO chuig gach scoil ar 30 Meán Fómhair 2008, ag míniú an dóigh a dtabharfaí faoi chúrsaí cigireachta go dtí Meitheamh 2012, agus cuireadh Ciorclán RO 2008/22 isteach leis an litir sin, rud a sholáthair ní ba mhó sonraí faoin churaclam, faoi chúrsaí measúnaithe agus faoi shocruithe tuairiscithe don scoilbhliain 2009/09. Lena chois sin, d'eisigh an Roinn bileoga do thuismitheoirí, a bhfuil páistí s'acu ag freastal ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, i dtaca leis an churaclam athbhreithnithe, measúnú agus socruithe tuairiscithe i gcoitinne.

Fad is go mbeidh páistí i mBliain 1-12 ag cloí leis an churaclam athbhreithnithe faoi Mheán Fómhair 2010, aithníonn an Roinn agus COO go nglacfaidh sé níos mó ama sula mbeidh dul chun cinn i gcúrsaí pleanála agus cleachtas teagaisc leabaithe go hiomlán. Cuirfear an tacaíocht chéanna ar fáil agus beidh sé sin le feiceáil sa chur chuige a úsáidfidh COO. Léireoidh socruithe cigireachta an méid sin suas go dtí 2012, tráth a mbeidh an Roinn ag súil le cur i bhfeidhm iomlán an churaclaim athbhreithnithe a fheiceáil trasna gach bliainghrúpa, leis na socruithe measúnaithe agus tuairiscithe gaolmhara.

Leanfar ar aghaidh le hoiliúint agus le tacaíocht a thabhairt do scoileanna mar pháirt den sainchlár oiliúna a dhíríonn ar an churaclam athbhreithnithe. Cuirfear sin ar fáil de réir a chéile, ar aon dul leis na hamscálaí reachtúla le haghaidh forfheidhmithe do phríomhoidí agus do mhúinteoirí, agus tógfar ar an aiseolas a chuirfear ar fáil. Beidh tacaíocht ar fáil fosta ó Oifigigh Chomhairleoireachta agus Thacaíochta Curaclaim BOL mar pháirt dá ngnáthdhualgais. Leanfar ar aghaidh leis an socrú 5+5 lá forbartha gairmiúla a sholáthar don chéad dá bhliain eile le tacaíocht a thabhairt do Phríomhoidí agus iad i gceannas ar an chur i bhfeidhm laistigh dá scoileanna. Leanfaidh COO le measúnú a dhéanamh ar an chlár tacaíochta leanúnaí do Phríomhoidí agus do mhúinteoirí agus cuideoidh an t-aiseolas sin le forbairt an chláir.

Tá páirt le himirt againn ar fad i dtaca leis an churaclam athbhreithnithe, socruithe measúnaithe agus tuairiscithe a sheachadadh ar mhaithe leis na daoine óga inár seomraí ranga. Guímid gach rath oraibh sa scoilbhliain 2008/09 agus ról tábhachtach á imirt agaibh.

Ag cur barr feabhais ar an áit is mó práinne

Táimid ag druidim leis an uair. Tá Eanáir 2010 leagtha ag an Choiste Feidhmiúcháin mar dháta tosaigh an Údaráis nua um Oideachas agus Scileanna (ESA). Is é seo an t-athchóiriú is mó i riar an oideachais le breis agus 35 bliain – ach an mbainfidh scoileanna agus coláistí tairbhe as? Bainfidh gan amhras dar le Príomhfheidhmeannach (Ainmnithe) an ESA Gavin Boyd.

Is é is cuspóir leis an RPA san oideachas ná an t-eispéireas oideachasúil a fheabhsú do gach uile pháiste. Ach ní féidir sin a bhaint amach trí riar níos fearr leis féin. Is iad na daoine sin amháin a bhíonn ag obair go díreach le daoine óga is féidir an cuspóir a bhaint amach. Mar sin de, is é an dualgas atá ormsa agus atá ar achan duine san údarás nua seo, ná cinntiú go mbíonn an oiliúint, an tacaíocht agus na hacmhainní agaibh atá de dhíth le go mbeidh sibh rathúil.

Leis an nuachóiriú seo ar riar an oideachais beidh £20 milliún sa bhreis ar fáil in aghaidh na bliana do na seirbhísí is tábhachtaí. Dá lú an t-airgead a chaitear ar mhaorlathas agus dá mhó an t-airgeas a chaitear sa seomra ranga is amhlaidh is fearr é. Féachaidh ESA le teacht ar bhealaí a chinnteoidh go leithdháilfear níos mó acmhainní ar an na gnéithe is mó a bhfuil feidhm leo.

Tá cuid mhór ama caite againn ag dul i gcomhairle le ceannairí scoile agus le hionadaithe na múinteoirí faoin bhealach ba chóir seirbhísí a sholáthar do scoileanna. Geallaim daoibh go n-éistfimid le bhur dtuairimí.

Agus muid ag dul chun cinn, soláthrófar seirbhísí tacaíochta oideachais níos gaire do scoileanna trí sholáthar foirne áitiúla tacaíochta. Aithnímid go bhfuil gach scoil difriúil agus déanfaimid ár seirbhís a oiriúnú de réir bhur riachtanas féin, ach beidh sé mar chomhsprioc againn cuidiú a thabhairt do gach scoil le torthaí níos fearr a sholáthar do dhaoine óga.

Mar sin de déanfaidh cruthú an ESA athruithe suntasacha ar an earnáil oideachais agus caithfimid an idirthréimhse athraithe chuig an a bhainistiú go cúramach. Beimid ag obair i gcomhar leis an Roinn agus leis na Príomhfheidhmeannaigh atá ann anois lena chinntiú go ndéanfar an t-athrú chuig an eagraíocht nua go réidh.

Ar chéad lá an ESA is féidir libh bheith ag dúil le gnáthlá oibre. Agus athruithe á ndéanamh ar na seirbhísí a fhaigheann sibh cuirfear ar an eolas sibh tamall maith roimh ré. De réir mar a fhorbraíonn ESA beidh ról tábhachtach agaibh go fóill le cruth a chur ar ár seirbhísí agus le feabhsúchán a ghríosú laistigh den eagraíocht nua.

Tá mé diongbháilte de go mbainfimid leas as an deis seo le fíorfheabhsúcháin a dhéanamh san áit is mó práinne – is é sin an tacaíocht a thugaimid daoibh agus sibh ag soláthar oideachas dár ndaoine óga.

Aistriú iarbhunscoile

Chuir an tAire moltaí ar aistriú iar-bhunscoile faoi bhráid an Fheidhmeannais ar 15 Bealtaine 2008 agus tá sí anois ag iarraidh creata reachtaigh do na moltaí seo. Is iad na moltaí atá ann, i ndiaidh an Teist deireanach Aistrithe i mbliana, go rachaimid i dtreo córais ina n-aistríonn páistí go hiar-bhunscoil in aois a 11, bunaithe ar chritéir neamhacadúla, agus ansin in aois a 14 go ndéanfaidh siad roghanna eolacha ar an bhealach chun tosaigh dóibh i gcúrsaí oideachais.

Céimneofar na hathruithe seo isteach thar thréimhse trí bliana le am a thabhairt do scoileanna, a bhfuil am de dhíth orthu, iad féin a chur in oiriúint don chóras nua. I Meán Fómhair 2009, aistreoidh daltaí de réir an chórais atá i bhfeidhm faoi láthair (11+) don uair dheireanach. I Meán Fómhair 2010, tosóidh daltaí ag aistriú go hiar-bhunscoil faoi na socruithe nua in aois a 11 ar bhonn chritéir neamhacadúla iontrála. Leis an t-aistriú a éascú beidh scoileanna gramadaí in ann cead a iarraidh roghnú a dhéanamh de réir critéar acadúil ar bhonn teoranta. I 2010, ceadóidh seo roghnú suas le 50% d'iontráil scoil ghramadaí. Ceapfaidh an CCMS teist chaighdeánach nach saobhfaidh teagasc an Churaclaim Athbhreithnithe. I Meán Fómhair 2011, beidh cóimheas na n-iontrálacha 30% acadúil – 70% neamhacadúil; i Meán Fómhair 2012, beidh cóimheas na n-iontrálacha 20% acadúil – 80% neamhacadúil.

I Meán Fómhair 2013 beidh gach iontráil ar bhonn critéar neamhacadúil. Is sa bhliain seo fosta a dhéanfaidh daltaí in aois a 14 roghanna eolacha don chéad uair ar an bhealach chun tosaigh dóibh i gcúrsaí oideachais, bunaithe ar an Chreat Teidlíochta iomlán. Is príomhpháirt den tasc atá á dhéanamh ag an phróiseas Pleanála Bunaithe sa Cheantar, a d'fhógair mé ar 4 Márta 2008, ullmhú an chórais i gcomhair sholáthar an Chreata Teidlíochta.

Dúirt an tAire le déanaí go n-eiseoidh sí treoracha maidir le hiontrálacha chuig iar-bhunscoileanna sa bhliain 2010, muna mbíonn comhaontú polaitiúil ann maidir lena cuid moltaí de 15 Bealtaine.

Athruithe san oideachas

Déanann an Roinn Oideachais a dícheall i gcónaí le feabhas a chur ar an tseirbhís a ofrálaimid dár gcustaiméirí mar aon le cuidiú lena chinntiú go soláthraítear na seirbhísí is fearr agus is féidir do scoileanna agus do pháistí.

Seoladh roinnt comhairliúchán agus straitéisí ardleibhéil le gairid, agus sin go díreach an aidhm a bhí acu – ár bpolasaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn ar dhóigh a rachaidh chun tairbhe do gach duine.

Gach scoil ina scoil mhaith is ea an teideal faoina bhfuil an Roinn ag forbairt roinnt polasaithe. Sin an scáth-théarma don obair atá ar siúl ar bhonn leanúnach agus tá roinnt comhairliúchán ar siúl go poiblí faoi láthair faoin líne strapa seo.

Tá an 'Straitéis um Ghnóthachtáil a Ardú i Litearthacht agus Uimhríocht' agus an 'Polasaí Úr um Fheabhsú Scoileanna' dalta-lárnaithe mar pholasaithe agus tá comhionannas agus feabhsú mar bhunphrionsabail iontu. Tá sé mar aidhm acu machnamh a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag roinnt mhaith múinteoirí iontacha agus tiomanta cheana féin i roinnt mhaith seomraí ranga trasna an tuaiscirt agus tógáil ar an obair sin.

Foilsíodh an Páipéar Polasaithe um Phleanáil Cheantarbhunaithe le haghaidh comhairliúcháin fad is go raibh an Polasaí um Scoileanna Inmharthana faoi réir comhairliúchán poiblí anuraidh. Rachaidh an dá pholasaí le chéile i bhfeidhm go mór ar leasuithe suntasacha san earnáil oideachais.

Leagann an Páipéar Pleanála Ceantarbhunaithe amach an cur chuige ginearálta i dtaca le pleanáil cheantarbhunaithe agus na róil a bheas ag an Roinn Oideachais, an tÚdarás Oideachais agus Scileanna agus na páirtithe leasmhara san earnáil oideachais faoi seach san am atá le teacht. Díríonn an cháipéis sin ar an dóigh a n-oibríonn scoileanna s'againne le chéile i bpobail áitiúla chun an rogha is mó a sheachadadh agus an rochtain is fearr ar an Chreat Teidlíochta a sholáthar.

Díríonn an Polasaí um Scoileanna Inmharthana ar a chinntiú go bhfaigheann ár bpáistí ar fad eispéireas oideachais leathain ar ardchaighdeán chun iad a ullmhú don am atá le teacht.

Tá sé mar aidhm ag na hathruithe beartais agus na feabhsúcháin seo a chinntiú go bhfuil an t-ardchaighdeán céanna oideachais á fháil ag gach páiste sa seomra ranga chun cuidiú leo scileanna riachtanacha a fhorbairt a bheas de dhíth orthu le linn a saoil. Ba chóir go mbeadh an deis chéanna ag gach duine óg dul chun cinn a dhéanamh, beag beann ar chúlra, inscne nó chine.

Níl an Roinn ag iarraidh go mbeadh na polasaithe seo ina suí leo féin; rinneadh iad a fhorbairt le feidhmiú in éineacht leis an churaclam athbhreithnithe agus chun cur le forbairtí atá ag tarlú cheana ar nós na scoileanna sínte agus na scoileanna speisialta.

Tá na straitéisí eisithe anois le haghaidh comhairliúchán poiblí agus spreagfainn sibh le páirt a ghlacadh agus muidne a chur ar an eolas maidir le bhur gcuid tuairimí. Cuideoidh sé sin linn an t-oideachas ar ardchaighdeán atá tuillte ag ár ndaoine óga a thairiscint dóibh.

Gaelscolaíocht

Sheol Caitríona Ruane comhairliúchán ar Thuarascáil Athbhreithnithe Oideachais lán-Ghaeilge ar an 11 Deireadh Fómhair 2008. Mairfidh tréimhse an chomhairliúcháin go dtí an 10 Eanáir 2009 agus tá cóipeanna den Tuarascáil agus de cháipéis aithchothaithe an chomhairliúcháin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais.

Cuirimid fáilte roimh gach duine a bhfuil suim aige ann, cainteoirí Béarla agus Gaeilge, aisfhreagra a thabhairt air. Bainfidh cuid de na moltaí le réimsí taobh amuigh d'earnál na Gaeilge agus spreagann foireann an Athbhreithnithe roimh gach duine iad seo a roinnt ar mhaith le leas comhchoiteann na bpáistí.

San áireamh i moltaí eile ann tá cuntas ar na riachtanais éagsúla a bhaineann le hearnáil na Gaeilge faoi láthair, earnáil atá ag fás. De réir mar a fhásann an earnáil creideann foireann an Athbhreithnithe gur cheart na moltaí a choinneáil faoi mheas le cinntiú go gcoinnítear de bheith ag freastal ar riachtanais na hearnála.

Díríonn an tAthbhreithniú ar oideachas d'ardchaighdeán agus breathnaíonn sé ar an chéad deich mbliana eile romhainn. Ba é seo a leanas struchtúr an Athbhreithnithe:

1. Cá bhfuil muid anois?
2. Cad iad na ceisteanna atá le tógáil?
3. Cad é mar a bhogaimid chun tosaigh?

Rinneadh measúnú ar réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht. Chuartaigh foireann an Athbhreithnithe freagraí láidre a raibh samhlaíocht ag baint leo agus i measc na bpríomh-mholtaí bhí:

1. ceadú do réamhscolaíocht Ghaeilge teacht ar mhaoiniú PEAG fiú i gceantair nach bhfuil na háíteanna in oideachas trí mheán an Bhéarla líonta;
2. úsáid a bhaint as cónaidhm chun soláthar nua trí mheán na Gaeilge a fhorbairt;
3. cinntiú go bhforbraítear soláthar nua iarbhunscoile ar shuíomhanna maithe;
4. an dóigh ar cheart tacaíocht a thabhairt d'oideasóirí lán-Ghaeilge;
5. an dóigh ar cheart acmhainní teagaisc trí mheán na Gaeilge a fhorbairt; agus
6. an dóigh ar cheart Oideachas lán-Ghaeilge a bheith ina dhlúthchuid den chóras oideachais trí chéile.

I mí an Mhárta, sheol an tAire Oideachais, Caitríona Ruane, creat nua mhóroibreacha caipitil a raibh sé mar chuspóir aici clár nuachóirithe na scoileanna a sholáthar.

Chuir conraitheoir agóid dhlíthiúil isteach in aghaidh an chreata mar nár cuireadh san áireamh ar an Chreat iad agus ní raibh an rialú cúirte i bhfabhar na Roinne Oideachais. Tá measúnú á dhéanamh ar impleachtaí an rialaithe cúirte faoi láthair.